

Tuairisc ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas

Túr an Chloig, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, BÁC 14
9 Nollaig 2019

Uimhreacha

Glacadh le **35** iarratasóir ar an MGO i mbliana - an líon is mó ó d'athraigh an clár go clár dhá bhliain. Bhí ar beirt éirí as an gcúrsa ag tús na bliana, toisc nár éirigh leo i scrúduithe deiridh na bun céime. D'éirigh duine amháin as an gclár ar chúrsaí pearsanta.

Tá **32** ar an MGO (bliain 1) faoi láthair. Tá ag éirí go maith leo agus tá súil againn go mbeidh siad uilig ag dul ar aghaidh go bliain 2 den chlár an bhliain seo chugainn.

Tá **28** i mbliain 2 faoi láthair.

25 céimithe MGO a bhí againn don bhronnadh céime i mbliana.

Tá na huimhreacha ag dul i méid gach bliain le trí bliana anuas agus tá muid dóchasach go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh an bhliain seo chugainn.

Earcaíocht do 2020

Tá córas PAC oscailte anois agus ag glacadh le hiarratais don bhliain seo chugainn. Tá go leor bolscaireachta déanta againn idir cuairt a thabhairt ar mhic léinn atá i mbliain na céime in institiúid ar fud na tíre go feachtas bolscaireachta ar líne agus tríd na meáin shóisialta. Bhí ardú ar líon na n-iarratas don MGO ar chóras PAC anuraidh agus tá súil againn gur amhlaigh a bheidh arís i mbliana.

Postanna ar iasacht (Beirt)

Ba chúnamh ollmhór dúinn an dá phost ar iasacht ceadaithe don MGO arís i mbliana. Tá dhá bhliain déanta acu anois linn agus iad i lár na tríú bliana linn anois faoi láthair.

TTEG (Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais)

Bhain 14 an TTEG amach i mbliana.

Rinne siad uilig 2 thréimhse linn ar champas agus trí théimhse ar líne. Tugann an TTEG léargas agus tuiscint do na rannpháirtithe ar chomhthéacs agus dea-chleachtais in iomaire an Ghaeloideachais ag an iar-bhunleibhéal.

Rinneadh staidéar ar pholasaithe, múnlaí sealbhaithe teanga agus CLIL/FCÁT. Beidh muid ag leanacht ar aghaidh agus ag cur TTEG ar fáil arís an bhliain seo chugainn. Tá súil againn tús a chur leis an teastas i mí Feabhra.

Taighde

Tá sé i gceist againn cur leis an taighde a rinne Seán Ó Grádaigh “Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunskoileanna LánGhaeilge & Gaeltachta” (2015). Beidh an uirlis bhailithe chéanna in úsáid is a bhí i 2015, le feiceáil an bhfuil aon athrú ar an scéal in imeacht na 5 bliana sin. Is iad Seán Ó Grádaigh & Clíona Ní Mhuirí a bheidh i mbun an taighde seo.